

# An Linn Dubh go dtí an Chathair

## An Bealach Tosaíochta don Chonair Iompair Inbhuanaithe

An 3ú Babhta de Chomhairliúchán Poiblí Samhain 2023

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

BUS CONNECTS CORCAIGH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.



# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **4** |
| 1.1 | Cad is BusConnects ann? | 4 |
| 1.2 | Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo? | 4 |
| 1.3 | Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe | 6 |
| 1.4 | Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe | 7 |
| 1.5 | Cad a tharla go dtí seo? | 8 |
| 1.6 | Cad atá sa bhróisiúr seo? | 8 |
| 1.7 | An téarmaíocht a thuiscint | 9 |
| 1.8 | 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe | 12 |
| **2.** | **Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?** | **14** |
| 2.1 | Dearadh Teicniúil | 14 |
| 2.2 | Iarratas ar Thoiliú Reachtúil | 14 |
| 2.3 | Suirbhéanna Tráchta | 14 |
| 2.4 | Ríocht Uirbeach | 15 |
| 2.5 | Amlíne | 16 |
| **3.** | **Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** | **18** |
| 3.1 | Ceisteanna ginearálta | 18 |
| 3.2 | Conas is féidir ionchur a thabhairt | 18 |
| 3.3 | Cad a tharlóidh anois? | 19 |
| **4.** | **Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta** | **20** |
| 4.1 | Forléargas | 20 |
| 4.2 | Bóthar Popham go Bóthar na Ceárta Deirge trí Brothers Delaney Road | 21 |
| 4.3 | Bóthar na Ceárta Deirge go Foirgnimh Uí Mhaidín/ Sráid Uí Chonaill | 22 |
| 4.4 | Foirgnimh Uí Mhaidín/ Sráid Uí Chonaill go Siúlán na hArdeaglaise | 23 |
| 4.5 | Siúlán na hArdeaglaise go Lár na Cathrach | 24 |
| 4.6 | Príomhathruithe ón mBealach Tosaíochta a foilsíodh i mí an Mhárta 2023 | 25 |
| 4.7 | Príomhfhíricí | 25 |
| **5.** | **Aguisíní** | **26** |
| 5.1 | Léarscáileanna Innéacs | 26 |
| 5.2 | Léarscáileanna Bealaigh | 26 |

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathair Chorcaí agus i gcathracha eile. Is cuid thábhachtach é de bheartais an Rialtais a bhaineann le feabhas a chur ar iompar poiblí agus le dul i ngleic le fadhb an athraithe aeráide. Tá sé san áireamh sna beartais náisiúnta agus réigiúnacha seo a leanas:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030;
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Chorcaí; agus
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

Tá Cathair Chorcaí ag fás agus teastaíonn líonra bus uaithi ar féidir leis freastal ar chathair atá i mbéal forbartha. Is é an aidhm atá ag BusConnects Chorcaí ná córas feabhsaithe bus a sholáthar a théann chun tairbhe don chathair, dá muintir agus don timpeallacht. Tá BusConnects Chorcaí deartha chun seirbhís bus a bheidh níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtúla a chur ar fáil do chách, chomh maith le háiseanna sábháilte do rothaithe agus saoráidí feabhsaithe do choisithe a chur ar fáil feadh príomhbhealaí.










## 1.2 Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo?

Is é seo an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe ó reáchtáladh an chéad cheann i mí an Mheithimh 2022. Tá forbairt na gConairí Iompair Inbhuanaithe seo ina cuid lárnach de chlár foriomlán BusConnects Chorcaí agus beidh siad ina gcabhair maidir le féachaint chuige go seasfaidh córas bus Chorcaí an aimsir agus maidir le rothaíocht sa chathair agus sa réigiún a dhéanamh sábháilte agus an limistéar sin ag fás.

Cuireann an comhairliúchán seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## Tá 9 ngné i gclár foriomlán BusConnects Chorcaí

**1 Develop a network of new sustainable transport corridors**

**91km de lánaí nua/tosaíochta do bhusanna chun** turais a dhéanamh níos tapúla agus níos iontaofa

**98km de shaoráidí rothaíochta** (treo amháin) lena soláthrófar 49km den líonra rothaíochta

**2 An Líonra Bus a athdhearadh**

**3 Córas ticéadaithe úrscothach**

**4 Córas íocaíochta gan airgead tirim**

**5 Struchtúr níos simplí do tháillí**

**6 Láithreacha nua Páirceála agus Taistil** ag príomhshuíomhanna

**7** Aistriú chuig flít **busanna nua astaíochtaí nialasacha**

**8 Libhré bus nua**

**9 Stadanna agus scáthláin bus nua** le comharthaíocht agus faisnéis atá níos fearr

## 1.3 Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe

Is éard atá i gceist leis na moltaí ná infheistíocht a dhéanamh in aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a mbeidh tosaíocht leanúnach bus acu – go ginearálta, lána bus leanúnach sa dá threo, ach b'fhéidir go n-úsáidfí socruithe eile in áiteanna cúnga. Cuirfidh sé seo deireadh leis an moill atá ar an gcóras bus agus ar a chuid paisinéirí faoi láthair. Nuair a bheidh lánaí ann do bhusanna amháin, nó bearta eile coibhéiseacha, beidh níos mó cinnteachta ag na mílte paisinéirí a thaistealaíonn ar bhusanna maidir leis na hamanna a dtagann agus a imíonn busanna, rud a chinnteoidh go mbeidh seirbhís níos fearr agus níos éifeachtaí ann.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe againn raonta rothar scartha a chur ar fáil sa dá threo feadh na gconairí seo, agus beidh siad scartha ón trácht ginearálta chomh fada agus is féidir. D'fhéadfadh sé a bheith deacair é seo a bhaint amach in áiteanna áirithe, ach sna háiteanna sin tá sé beartaithe againn raonta rothar ar leataobh ón trácht a chur ar fáil, is é sin go gcuirfear an raon rothar ar mhalairt slí ón gConair Iompair Inbhuanaithe go bóthar níos ciúine nó go raon rothar saintógtha, sula mbuaileann sé leis an gconair arís.

Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gurb iad na príomhchonairí bus sa chathair atá sna cinn a aithnítear mar Chonairí Iompair Inbhuanaithe. Chomh maith leis na conairí seo, tá líonra athdheartha níos leithne de sheirbhísí bus beartaithe do Chorcaigh agus beidh méadú ar mhinicíocht na mbusanna chomh maith le seirbhísí nua bus mar thoradh air seo. Cuirfear an líonra bus nua i bhfeidhm le linn na bliana 2024/2025 agus is féidir teacht ar na sonraí iomlána faoi seo ar **busconnects.ie**



## 1.4 Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe

**An córas iompair phoiblí a fheabhsú** ó thaobh cumais agus acmhainneachta de trí iontaofacht agus poncúlacht na mbusanna a fheabhsú trí lánaí bus agus bearta eile a sholáthar chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht na mbusanna thar ghluaiseacht an ghnáth-thráchta;


**An acmhainn le haghaidh rothaíochta a mhéadú** trí bhonneagar sábháilte a sholáthar don rothaíocht, scartha ó thrácht ginearálta áit ar bith a bhfuil sé indéanta;

**Tacú le soláthar seirbhíse iompair phoiblí éifeachtúil, ísealcharbóin agus athléimneach** ó thaobh aeráide de, a chuidíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;

**Fás dlúth, deiseanna athnuachana agus talamhúsáid níos éifeachtaí i gCorcaigh a éascú,** do ghlúin an lae inniu agus do na glúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil;

**Rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha** eile a fheabhsú trí nascacht agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe le seirbhísí iompair phoiblí eile a sholáthar; agus

**A chinntiú go mbreithneofar go cúramach ar an ríocht phoiblí i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair iompair** agus féachaint le príomhphointí fócais uirbeacha a fheabhsú nuair is cuí agus nuair is féidir



## 1.5 Cad a tharla go dtí seo?

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an chéad bhabhta de chomhairliúchán poiblí idir mí an Mheithimh 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhain na comhairliúcháin seo le moltaí faoi Bhealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) an dá cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i gCorcaigh. Fuaireamar thart ar 3,000 aighneacht san iomlán le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin seo. Rinneadh na haighneachtaí seo a athbhreithniú agus a mheas mar chuid den phróiseas deartha le haghaidh Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) gach conaire. Cuireadh tús leis an dara babhta de chomhairliúchán poiblí maidir le RBT an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i mí an Mhárta 2023 agus lean sé sin ar aghaidh go dtí an 25 Bealtaine 2023. Fuarthas thart ar 4,300 aighneacht mar chuid den dara babhta de chomhairliúchán poiblí.

Rinneadh na haighneachtaí agus an t-aiseolas a athbhreithniú agus anois tá an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar siúl le linn R4 den bhliain 2023. Cuirfidh sé seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## 1.6 Cad atá sa bhróisiúr seo?

Tá an doiciméad seo ar cheann d'aon bhróisiúr déag, agus tá ceann ar leith ann do gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe. Tá cur síos scríofa ar an mBealach Tosaíochta ó thús go deireadh chomh maith le léarscáileanna tacaíochta ar fáil sa doiciméad. Áirítear leis gach leasú a rinneadh, má rinneadh leasú ar bith, ó reáchtáladh an dara babhta de chomhairliúchán poiblí. Tá amlíne ar fáil ann freisin maidir le dul chun cinn an chláir chomh maith le sonraí faoin gcaoi le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar na bróisiúir ón gcéad bhabhta agus ón dara babhta de chomhairliúchán ar ár suíomh gréasáin **www.busconnects.ie** agus is féidir iad a íoslódáil ón suíomh sin chomh maith. Tugtar sainmhínithe sa chéad chuid eile den doiciméad ar an téarmaíocht a úsáidtear ann.



# 1.7 An téarmaíocht a thuiscint

## 1. Conair Iompair Inbhuanaithe (STC):

Tá sé beartaithe aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt mar chuid de Chlár foriomlán BusConnects Chorcaí. Is bóthar atá ann cheana féin é Conair Iompair Inbhuanaithe agus ar a dtugtar tosaíocht do bhusanna ionas gur féidir leo feidhmiú ar bhealach atá éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Ciallaíonn sé seo de ghnáth go bhfuil lánaí speisialta lánfhada ann le haghaidh busanna amháin ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire nó go bhfuil bearta eile i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar bhusanna nuair a bhíonn gnáthbhrú tráchta ann. In áiteanna caolaithe, féadtar socruithe eile a úsáid. Beidh na lánaí bus taobh le lánaí/raonta rothar má tá sé sin indéanta agus beidh siad taobh le lánaí gnáth-thráchta chomh maith.

## 2. Raonta Rothar Scartha:

Is cuid ar leith den bhóthar é raon rothar scartha agus níl cead é a úsáid ach le haghaidh rothaíochta. Bíonn an spás seo scoite go ginearálta ó thrácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. Má tá sé indéanta raonta rothar scartha a fhorbairt in áiteanna beidh rogha eile ag rothaithe - bóithre ciúine a úsáid nó bóithre íseal-luais a roinnt leis an ngnáth-thrácht.

## 3. Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC):

D'fhoilsigh an ÚNI pleananna tosaigh le haghaidh gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil i mí an Mheithimh 2022. Tugadh Bealaí Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) ar na roghanna sin chun an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach dóchúil na mbóithre nuair a bheidh an bonneagar riachtanach do na Conairí Iompair Inbhuanaithe tógtha. Luadh sna pleananna seo tionchair fhéideartha ar ghairdíní tosaigh, agus athruithe dóchúla ar an gcaoi a n-oibreoidh an trácht chun tosaíocht do bhusanna a éascú.

## 4. Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT):


Rinneadh na moltaí faoi Chonairí Iompair Inbhuanaithe a athbhreithniú agus a leasú tar éis na haighneachtaí ón bpobal maidir leis na BTTCCanna a mheas. Cuireadh i láthair mar an Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) iad i mí an Mhárta 2023 agus reáchtáladh babhta eile de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leo.

Rinneadh mionchoigeartú agus forbairt dearaidh bhreise ar na moltaí, agus anois tá siad á gcur i láthair mar na leaganacha is deireanaí de na RBTanna agus reáchtálfar an babhta breise seo de chomhairliúchán poiblí maidir leo.

Ní moltaí deiridh iad agus déanfar iad a mheas tuilleadh tar éis aiseolas a fháil ón tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí, agus ina dhiaidh sin caithfear iad a scrúdú freisin i gcomhthéacs measúnacht tionchair timpeallachta agus forbairt dearaidh.

## 5. Geata Bus

Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn uaireanta oibre an Gheata Bus. Éascóidh sé tosaíochtaí bus trí thréthrácht ginearálta a bhaint le feadh an bhóthair ar fad, áit a bhfuil an geata bus lonnaithe, agus dá réir sin laghdaítear trácht ar an gcuid ábhartha den bhóthar agus cumasaítear gluaiseacht bhus níos iontaofa`.



Úsáidfear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach.

## 6. Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta:

Baineann Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta úsáid as soilse tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna thar trácht eile ar lánaí singil de stráicí bóthair, ach níl sé éifeachtach ach le haghaidh achair ghearra. Is iondúil go gcuirtear an socrú seo i bhfeidhm ar stráice bóthair nach féidir lána bus a bheith ann mar gheall ar bhacainní bóthair. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge mar gheall ar fhoirgnimh nó struchtúir ann nach bhfuil cead iad a leagan chun an bóthar a leathnú a dhóthain le haghaidh spás do lána bus.



1. Gluaiseann an trácht ar aghaidh mar is gnáth.



2. Agus an bus ag druidim leis, athraíonn an comhartha soilse d'fhonn stop a chur leis an trácht ginearálta.



3. Tabharfar tús áite don bhus le dul ar aghaidh.



4. A luaithe a fhágann an bus an t-acomhal, is féidir leis an trácht ginearálta dul ar aghaidh.

Oibríonn sé faoi rialú soilse tráchta (ag acomhail de ghnáth) mar a gcaitheann an lána bus agus an lána gnáth-thráchta teacht le chéile agus an bóthar a chomhroinnt ar feadh achar gearr go dtí go mbeidh lána bus ann arís níos faide siar an bóthar. Stopfar an gnáth-thrácht ag na soilse tráchta chun cead a thabhairt don bhus dul ar aghaidh ar an stráice cúng ar dtús. Ansin, nuair a bheidh an bus imithe ar aghaidh, ceadófar don ghnáth-thrácht dul ar aghaidh ag na soilse tráchta.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a dearadh chun cur le cumas coisithe agus rothaithe araon dul trasna an bhóthair trí úsáid a bhaint as soilse tráchta a dearadh go speisialta chuige sin.

## 8. Socrú Sráide Ciúine:

Nuair nach bhfuil bóithre STC leathan a ndóthain in áiteanna chun freastal ar rothaithe gan tionchar suntasach a bheith acu ar thosaíocht do bhusanna, déantar iniúchadh ar bhealaí malartacha rothaíochta le haghaidh achair gearra sula mbuaileann siad leis an mbealach bus STC arís. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin.

Tugtar Sráideanna Ciúine orthu mar gheall ar an méid íseal de ghnáth-thrácht a bhíonn orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach do rothaithe agus don ghnáth-thrácht araon, gan aon ghá le raonta rothar scartha ná le lánaí péinteáilte rothar a thógáil. Is éard a bheadh i gceist leis an Socrú Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí d'úsáideoirí bóithre ginearálta agus do rothaithe araon.

## 9. Ríocht Uirbeach:

Tagraíonn Ríocht Uirbeach do na spásanna laethúla sráide a mbaineann daoine úsáid astu agus iad á dtrasnú, ag siopadóireacht, ar ócáidí sóisialta, nó ag spraoi, agus le haghaidh gníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht, nó taisteal chun na hoibre/nó ón obair. Cuimsíonn an Ríocht Uirbeach gach sráid, cearnóg acomhal, agus bóthar eile lena mbaineann ceart bealaigh, is cuma más úsáid chónaithe, tráchtála nó chathartha a mbaintear astu. Nuair a dhéantar é a dhearadh agus a leagan amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sé go mór le saol laethúil na n-áitritheoirí agus na ndaoine a bhíonn ag taisteal thar bráid. Baineann sé le codanna den timpeallacht thógtha atá amuigh faoin aer de ghnáth, áit a mbíonn rochtain saor in aisce ag an bpobal. Bheadh suíocháin, crainn, plandú, agus gnéithe eile i gceist leis a chuirfeadh go mór le heispéireas na ndaoine ar fad.







# 1.8
# 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe

- **A** Dún Citil go dtí an Chathair
- **B** Baile na mBocht go dtí an Chathair
- **C** An Linn Dubh go dtí an Chathair
- **D** Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair
- **E** Baile an Chollaigh go dtí an Chathair
- **F** Baile an Easpaig go dtí an Chathair
- **G** An Tóchar go dtí an Chathair
- **H** Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair
- **I** Cnoc Maryborough go dtí an Chathair
- **J** Machain go dtí an Chathair
- **K** Bóthar Chionn tSáile go Dúglas

——— Conair Iompair Inbhuanaithe

·········· Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
GLEANN MAGHA
BAILE AN CHOLLAIGH
TEAMHAIR
CLOCH REO
CARRAIG RUACHÁIN
AN SRÁIDBHAILE THIAR
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
CNOC NA HAOINE
CNOC AN CHUILINN
PÁIRC NA HEAGLAISE
GARRÁN NA MBRÁTHAR
AN SEANDÚN
DEARGMHOIN
FEARANN
AN LINN DUBH
LÁR NA CATHRACH
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
BAILE NA MBOCHT
MONTENOTTE
CEANTAR NA NDUGAÍ
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
BAILE AN LOCHA
AN CNOCÁN GLAS
AN LOCH
BAILE FÉITHEAN
WILTON
BAILE AN EASPAIG
ARD AN RÓISTIGH
AN TÓCHAR
DÚGLAS
AN GHRÁINSEACH
GORT PHROINSIAS
LEHENAGHMORE
MARYBOROUGH
DOMHNACH BROC
BAILE AN RÓISTIGH
MUINE GUAIRNE
SRUTHÁN NA SAILEACH
N20
N22
N40
N71
N27
N28
N8
R639
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K
Lee Road
Model Farm Rd
Carrigrohane
Curraheen
Waterfall
S Ring Rd
Grange Rd
Rochestown Rd
Commons Rd
Old Mallow Rd
Upper Dublin Hill
Ballyhooly Rd
Lower Glanmire
Maryborough Hill
Carrigaline Rd
Douglas Rd
Elm Hill
Airport
Kinsale
Tower Cross
St Ann's Rd
St Ann's Hill
Bawnnafinny
Lower Killeens
Coolroe
Castle
Woodberry
Maglin
Clashduv
Togher Rd

# 2. Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?

Leanadh ar aghaidh le hobair dheartha shuntasach ón mbabhta deireanach comhairliúcháin. Airítear leis an obair seo na nithe seo leanas:

## 2.1 Dearadh Teicniúil

Tá dul chun cinn déanta ar dhearaí agus rinneadh mionchoigeartú breise ar ghnéithe de gach conair amhail acomhail, ailíniú, stadanna bus, áiseanna rothaíochta agus siúil, agus gnéithe den ríocht uirbeach. Tá teagmháil á déanamh le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear teagmháil leis na sealbhóirí tí aonair sin a d'fhéadfadh a bheith thíos leis. Bhí agus tá aiseolas ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chomh maith le suirbhéanna mionsonraithe breise mar bhonn eolais faoin dearadh a bhfuil forbairt á déanamh air fós.

## 2.2 Iarratas ar Thoiliú Reachtúil

Beidh an ÚNI ag ullmhú na nithe seo a leanas mar chuid den Iarratas beartaithe ar Thoiliú Reachtúil do gach Conair Iompair Inbhuanaithe: Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Chuí (MC), Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), agus nuair is gá, Ráiteas Tionchair Natura (RTN) de réir reachtaíocht, treoirlínte agus dea-chleachtas reatha na hÉireann agus na hEorpa. Tá na scagthástálacha agus na measúnuithe seo á ndéanamh ag speisialtóirí timpeallachta a ceapadh le déanaí chun oibriú ar an tionscadal thar ceann an ÚNI. Beidh na doiciméid ón Tuarascáil Measúnaithe Tionchair ar an gComhshaol agus ón MC mar chuid shuntasach den iarratas foirmiúil reachtúil chuig an mBord Pleanála agus beidh siad ar fáil nuair a chuirfear faoi bhráid an Bhoird iad, mar chuid den chomhairliúchán poiblí reachtúil.

## 2.3 Suirbhéanna Tráchta

Rinneadh sraith chuimsitheach de shuirbhéanna tráchta ar fud na Cathrach, chun eolas cothrom le dáta faoi líon feithiclí agus eolas eile faoi úsáideoirí bóithre a chur ar fáil. Bainfear úsáid as an eolas seo, in éineacht le foinsí eolais éagsúla eile, chun mionchoigeartú agus calabrú a dhéanamh ar an ionsamhlú ar ríomhaire den tsamhail iompair a forbraíodh do Mhórcheantar Chorcaí.

Bainfidh an fhoireann deartha úsáid as eolas tuartha ón tsamhail iompair chun gnéithe éagsúla de na conairí a fhorbairt agus chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a ndéanfar tuairisciú orthu i ndoiciméid TMTT.

Ullmhófar sraith iomlán de shamhlacha iompair chun tacú leis an TMTT do gach Conair Iompair Inbhuanaithe (mar a thuairiscítear thuas), ach ar dtús rinneadh réamhshamhaltú tráchta chun léargas ardleibhéil a fháil ar na hiarmhairtí tráchta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe. Tugann an tsamhail seo léiriú ar scála na n-athruithe ar an sruth tráchta feadh sráideanna ar fud na cathrach. Déantar cur síos ar fhorbairt agus ar aschuir na samhla seo sa Réamhthuarascáil um Shamhaltú Iompair

a foilsíodh mar chuid den tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar an Réamhthuarascáil um Shamhaltú ar shuíomh gréasáin BusConnects – **www.busconnects.ie** agus is féidir í a íoslódáil ón suíomh sin.

## 2.4 Ríocht Uirbeach

Maidir leis an obair deartha theicniúil a bhain le hailíniú bóithre sna limistéir uirbeacha feadh na gconairí iompair inbhuanaithe, rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair sin a thabhairt chun críche agus rinneadh dul chun cinn freisin maidir le mionchoigeartú a dhéanamh ar na tograí deartha don Ríocht Uirbeach. Tá na dearaí seo á bhforbairt i gcomhairle leis an údarás áitiúil chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le scéimeanna agus tionscnaimh atá ann cheana féin.

Tá deiseanna feabhsúcháin don Ríocht Uirbeach scaipthe amach feadh na gconairí agus braitheann siad ar an suíomh ar leith agus an comhthéacs áitiúil. Agus spásanna uirbeacha á ndearadh againn, úsáidfimid ábhair chuí agus troscán uirbeach cuí chun a chinntiú go gcloítear le caighdeáin úsáide, mharthanachta agus chothabhála agus go bhfuil siad inbhuanaithe freisin.



## 2.5 Amlíne

### 2022

**RANNPHÁIRTÍOCHT**

**Plé a rinneadh ar an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn R2/R3**

Plé a rinneadh ar Thograí maidir leis an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn.

### 2023

**Tuilleadh Plé ar an mBealach Tosaíochta**

Dréacht-Bhealach Tosaíochta a Ullmhú in R1/R2. Tar éis an t-aiseolas arna fháil a chur san áireamh, foilseofar Bealaí Roghnaithe le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe – tréimhse 2 mhí de chomhairliúchán poiblí.

- Babhta eile comhairliúchán maidir le Bealach Tosaíochta R4

### 2023-2025

**PRÓISEAS REACHTÚIL**

**Iarratas Reachtúil a Ullmhú**

- Dearadh Innealtóireachta a Fheabhsú
- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a Ullmhú
- Ceanglais réadmhaoine a shainiú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú

## 2024-2026

### Iarratais chuig an mBord Pleanála

- Iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an Scéim Bheartaithe a cheadú agus ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh gaolmhar a dheimhniú
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na gceanglas reachtach
- Pléití an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Éisteacht ó Bhéal nuair is gá
- Féadfaidh an Bord Pleanála:
  1. An Scéim Bheartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don Scéim Bheartaithe a cheadú; agus
  2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a chur ar neamhní.

## 2026-2030

### CEANNACH & TÓGÁIL

**Cuirfear Tús le Tógáil ar Bhonn Céimnithe – Seans go mbeidh suas le 2 bhliain ag teastáil chun gach uasghrádú conaire a chur i gcrích**

# 3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Tugtar sonraí sa bhróisiúr seo faoin Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) atá beartaithe don Chonair Iompair Inbhuanaithe seo. Reáchtálfar an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis na moltaí seo, ansin déanfar mionchoigeartú ar an dearadh agus déanfar measúnacht tionchair comhshaoil, agus ina dhiaidh sin uile, déanfaidh an ÚNI iarratas reachtúil foirmiúil chuig an mBord Pleanála lena cheadú.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán ar leith a bhaineann le gné na Conaire Iompair Inbhuanaithe de chlár BusConnects Chorcaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail **www.busconnects.ie**. Tá gach bróisiúr a foilsíodh roimhe seo maidir le Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) chomh maith leis na bróisiúir ón dara babhta de chomhairliúchán ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Is féidir le húsáideoirí cuairt a thabhairt ar an suíomh chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal agus cóipeanna de na príomhdhoiciméid a íoslódáil.

**Is féidir ceisteanna ginearálta a chur ar:**

Líne Shaorghlao thiomnaithe
**1800 303 653**

nó trí ríomhphost a sheoladh chuig
**corkstc@busconnects.ie**


## 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt

Táimid ag lorg aighneachtaí maidir leis na Roghanna Bealaigh Tosaíochta atá leagtha amach sa doiciméad seo. Tá an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí a chur isteach ar fáil ar an suíomh gréasáin.

**Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach agus tuairimí a thabhairt faoi**

Cliceáil ar an rannán "Comhairliúchán Poiblí" atá ar fáil ar an leathanach dár suíomh gréasáin a bhaineann le Conairí Iompair Inbhuanaithe:
**https://consult.nationaltransport.ie**

Post:
**Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe**
**Oifig Chorcaí an ÚNI, Svuít 427, 1 Cé Uí Argáin**
**Waterfront Square, Corcaigh, T23 PPT8**



## 3.3 Cad a tharlóidh anois?

Nuair a bheidh an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí thart, cuirfidh an ÚNI bailchríoch ar na Roghanna Bealaigh Tosaíochta do gach ceann den aon chonair déag. Déanfar níos mó forbartha ar dhearaí na scéime agus ullmhófar iarratais toilithe reachtaíochta don Bhord Pleanála, lena n-áirítear iompar agus measúnachtaí tionchair comhshaoil.  Ar mhaithe le próiseas toilithe reachtaíochta, féadfar roinnt chonairí a chur isteach in aon iarratas amháin . Nuair a bheidh an obair fhorbartha déanta ullmhófar Tuarascáil Measúnachta Tionchair Comhshaoil do na scéimeanna le chéile mar aon le sonraí faoin talamh ar a bhfuil siad chun seilbh a fháil orthu. Cuirfear na hiarratais seo faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2024/2025 lena bhreithniú agus lena chinneadh. Beidh próiseas comhairliúcháin reachtúil foirmiúil mar chuid den phróiseas sin.

# 4. Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta

## 4.1 Forléargas

Tosaíonn Conair Iompair Inbhuanaithe (CII C) ón Linn Dubh go dtí an Chathair ar an taobh thuaidh d'Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe ar Brothers Delaney Road. Leanann an CII ar aghaidh ar Brothers Delaney Road chun nascadh le hIonad Siopadóireachta na Linne Duibhe agus Bóthar na Ceárta Deirge. Ón áit sin, leanann an CII ar aghaidh ó dheas ar Bhóthar na Ceárta Deirge, Sráid Thomáis Dáibhis agus Bóthar Chúrsa an Uisce. Leanann an CII ar aghaidh ansin ar Shiúlán na hArdeaglaise agus an N20 deisceart, áit a nascann sé leis na saoráidí iompair inbhuanaithe atá á gcur ar fáil faoi láthair ar Shráid Liatroma agus Sráid Devonshire mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin. Tá sé beartaithe chomh maith go nascfaidh an CII le saoráidí rothaíochta beartaithe ar Shráid Eoin Íochtarach agus Cearnóg an Chnapaigh chun slí sráide ciúine mhalartach a chur ar fáil ar an taobh thiar den N20.

Cuirfear cead bealaigh ar fáil do bhusanna le húsáid a bhaint as lánaí bus tiomnaithe ar Bhóthar Popham agus Brothers Delaney Road. Tá Bóthar na Ceárta Deirge, Sráid Bhaile Átha Cliath, Sráid Thomáis Dáibhis, Bóthar Chúrsa an Uisce agus Siúlán na hArdeaglaise srianta go fisiceach i roinnt áiteanna. Tá sé beartaithe go soláthrófar cead bealaigh do bhusanna trí bhearta éagsúla amhail lánaí bus, comharthaí tráchta, agus srianta tráchta ar Chnoc Bhaile Átha Cliath. Cead bealaigh do bhusanna ar an N20 le cur ar fáil agus úsáid a bhaint as lána bus agus comharthaí tráchta.

Áirítear le soláthar rothaí beartaithe raonta rothar tiomnaithe go dtí Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe ó acomhal Bhóthár Popham agus Bóthar an Choimín trí Brothers Delaney Road. Déanfar nasc rothaíochta nua ón N20 ag Brothers Delaney Road, trí Chúirt an Úlloird chun nascadh le Sráid Thomáis Dáibhis.

Cuirfear raonta rothar ar fáil ar an mbealach isteach go dtí na príomh-acomhail ar Sráid Thomáis Dáibhis agus Bóthar Chúrsa an Uisce. Ligfidh na srianta tráchta chun méideanna tráchta a laghdú ar na sráideanna sin do rothaithe spás a roinnt leis an trácht, agus cosaint agus cead bealaigh curtha ar fáil ag acomhail.

Ligfidh srianta tráchta ag Siúlán na hArdeaglaise do sholáthar rothaíochta 'sráide ciúine' ar Bhóthar Chúrsa an Uisce. Cuirtear raonta rothar ar fáil feadh Shiúlán na hArdeaglaise agus an N20 chomh fada le hacomhal Shráid Liatroma. Uaidh sin, nascfar an CII leis na saoráidí rothaíochta atá á ndéanamh faoi láthair ar Shráid Liatroma mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompar Poiblí Shráid Mhic Curtáin.

Nascann an chonair atá beartaithe freisin le Conair Iompair Inbhuanaithe D (CII D) - Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair ag crosbhealach Shráid Uí Chonaill agus Bóthar Chúrsa an Uisce.

Déanfar cur síos níos mionsonraithe ar gach stráice de CII C sna hailt seo a leanas agus leagtar amach na bearta atá beartaithe ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt d'iompar inbhuanaithe.

## 4.2 Bóthar Popham go Bóthar na Ceárta Deirge trí Brothers Delaney Road

Tá sé beartaithe go gcuirfear lánaí bus agus raonta rothar scartha ar fáil d'fhad ar fad Brothers Delaney Road.

De réir Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) mar a thaispeántar sa dara comhairliúchán poiblí i mí Márta 2023, tá lána bus amháin agus dhá lána tráchta beartaithe ag dul soir idir an N20 agus Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe, agus lána bus amháin agus lána tráchta ginearálta amháin beartaithe sa treo siar.

### Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Brothers Delaney Road | Lánaí rothar scartha leanúnacha ar an dá thaobh den bhóthar. |
| Brothers Delaney Road/ N20 | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |

## 4.3 Bóthar na Ceárta Deirge go Foirgnimh Uí Mhaidín/ Sráid Uí Chonaill

Tá Bóthar na Ceárta Deirge, Sráid Bhaile Átha Cliath, Sráid Thomáis Dáibhis agus Bóthar Chúrsa an Uisce srianta go fisiceach, agus ní féidir lánaí bus fairsinge feadh an stráice a chur ar fáil. Tá bearta bainistíochta tráchta beartaithe chun cead bealaigh do bhusanna a bhaint amach.

Ó acomhal Brothers Delaney Road agus Bóthar na Ceárta Deirge go dtí bealach isteach chuig Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe ar Shráid na Ceárta Deirge, tá sé beartaithe stráice gearr chomharthaí tráchta lána bus agus tosaíochta bus isteach (i dtreo na cathrach) a úsáid. Ciallaíonn sé seo go dtabharfar "buntáiste" do bhusanna ar charranna. Tacóidh bearta leis seo chun trácht neamh-áitiúil ar Chnoc Bhaile Átha Cliath a laghdú. Mar thoradh ar na bearta sin, spreagfar tréthrácht ginearálta isteach (i dtreo na cathrach) a chur trí Chnoc Bhaile Átha Cliath Íochtarach / Bóthar Bhaile Átha hÚlla go dtí an Cuarbhóthar Thuaidh nó trí Bhóthar na Ceárta Deirge/Brothers Delaney Road go dtí an N20.

Sa treo amach (i dtreo na Linne Duibhe), roinnfidh busanna leis an trácht ginearálta den chuid is mó. Ag acomhal Shráid Bhaile Átha Cliath / Cnoc Bhaile Átha Cliath Íochtarach, tá stráice gearr lána bus amach beartaithe chun "buntáiste" a thabhairt do bhusanna thar an trácht ginearálta.

Tá sé beartaithe rotharbhealach leanúnach amach (i dtreo na Linne Duibhe) a chur ar fáil feadh Bhóthar Chúrsa an Uisce/Sráid Thomáis Dáibhis ó acomhal Fhoirgnimh Uí Mhaidín go dtí an bealach isteach ar Chúirt an Últloird. Ón áit seo, déanfar nasc rothaíochta easbhóthair nua trí Chúirt an Úlloird go dtí an N20 agus Brothers Delaney Road.

### Feabhsuithe atá Beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht Coisithe/ Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Sráid Bhaile Átha Cliath/ Sráid Thomáis Dáibhis | Le timpeallacht maolaithe tráchta cuirfear timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí ar fáil do choisithe agus do rothaithe. |
| Lána an Tobair | Le tréscaoilteacht scagtha cuirfear timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí ar fáil do choisithe agus do rothaithe. |
| Cúirt an Úlloird | Cuirfear nasc rothaíochta nua trí Chúirt an Úlloird go dtí an N20 agus Brothers Delaney Road timpeallacht níos sábháilte agus níos áille do rothaithe. |
| Sráidbhaile na Linne Duibhe | Oibreacha Ríochta Poiblí lena n-áirítear spásanna sráide feabhsaithe agus treisithe agus tírdhreachtú. |

## 4.4 Foirgnimh Uí Mhaidín/ Sráid Uí Chonaill go Siúlán na hArdeaglaise

Tá Bóthar na Ceárta Chúrsa an Uisce ó Fhoirgnimh Uí Mhaidín go Siúlán na hArdeaglaise srianta go fisiceach, agus ní féidir lánaí bus fairsinge feadh an stráice a chur ar fáil. Cuirfear bearta bainistíochta tráchta ar fáil chun cead bealaigh do bhusanna a bhaint amach.

Ag acomhal Bhóthar Chúrsa an Uisce agus Foirgnimh Uí Mhaidín, cuirfear cead bealaigh do bhusanna ar fáil trí aimsiú tosaíochta bus ag comharthaí tráchta a úsáid. Bainfear an cosc ar chasadh ar dheis (ó dheas) ar an N20 ag acomhal Fhoirgnimh Uí Mhaidín / N20, ag ligean cead don trácht taisteal ó dheas ar an N20.

Tá sé beartaithe tréthrácht a bhaint ó Bhóthar Chúrsa an Uisce (idir Sráid Uí Chonaill agus Siúlán na hArdeaglaise) agus srianta tráchta á úsáid ag Siúlán na hArdeaglaise. Cuirfidh sé sin cosc ar an gcasadh ar dheis ó Shiúlán na hArdeaglaise go dtí an N20, ach amháin do bhusanna, tacsaithe agus rothair. Stiúrfar trácht ginearálta isteach (i dtreo na cathrach) ar an N20 ag acomhal Fhoirgnimh Uí Mhaidín (nó níos faide ó thuaidh).

Feadh Bhóthar Chúrsa an Uisce (idir Sráid Uí Chonaill agus Siúlán na hArdeaglaise), tá oibreacha fisiceacha beartaithe d'uasghráduithe ar stadanna bus agus Siúlán na hArdeaglaise a leathnú chun ghníomhaíochtaí rothaíochta cosanta a cheadú.

Tá raon rothar isteach (i dtreo na cathrach) beartaithe idir Foirgnimh Uí Mhaidín agus Sráid Uí Chonaill. Tá sé beartaithe go roinnfidh rothaithe amach stráice gearr leis an lána bus, ach beidh comharthaí ar leith ann chun ligean dóibh a gceart slí a bhunú sa lána bus.

Laghdóidh na srianta tráchta beartaithe, ag Siúlán na hArdeaglaise, an trácht agus ligfidh siad do shlí sráide ciúine, a bhfuil i gceist leis ná rothaithe ag roinnt an lána tráchta le méid íseal tráchta ginearálta.

### Feabhsuithe atá Beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht Coisithe/ Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar Chúrsa an Uisce idir Sráid Uí Chonaill agus Siúlán na hArdeaglaise | Le timpeallacht maolaithe tráchta cuirfear timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí ar fáil do choisithe agus do rothaithe.<br>Trasrianta túcánacha nua a mbeidh soilse tráchta orthu chun rochtain éasca ar stadanna bus agus bealaí feabhsaithe go ginearálta do choisithe a éascú. |
| Bóthar Chúrsa an Uisce ag Foirgnimh Uí Mhaidín | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |
| Bóthar Chúrsa an Uisce/Sráid Uí Chonaill | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |

## 4.5 Siúlán na hArdeaglaise go Lár na Cathrach

Cuirfidh srianta tráchta cosc ar ghníomhaíochtaí casadh ar dheis ó Shiúlán na hArdeaglaise go dtí an N20, ach amháin do bhusanna, tacsaithe agus rothair. Feadh an N20 idir Siúlán na hArdeaglaise agus Sráid Liatroma, isteach (i dtreo na cathrach) tá cead bealaigh do bhusanna beartaithe trí lánaí bus agus trí úsáid a bhaint as comharthaí tráchta tosaíochta bus ag acomhal N20 le Sráid Liatroma, agus ciallaíonn sé sin go bhfaighidh busanna 'buntáiste' thar gluaisteáin.

Tá lána bus amach (i dtreo na Linne Duibhe) beartaithe mar chuid den CII C ar an N20 óna acomhal le Sráid Devonshire. Ciallóidh sé seo, chomh maith le comharthaí tráchta tosaíochta bus ag acomhal N20 le Sráid Liatroma, go bhfaighidh busanna 'buntáiste' thar gluaisteáin. Cuirfidh lána bus amach ar Shiúlán na hArdeaglaise (a chuir Comhairle Cathrach Chorcaí ar fáil mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin) cead bealaigh amach do bhusanna idir an N20 agus Bóthar Chúrsa an Uisce.

Tá raonta rothair beartaithe ar an N20 idir Siúlán na hArdeaglaise agus Sráid Liatroma. Leanann soláthar rothaí ar aghaidh feadh Shráid Liatroma mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin.

Tá sé beartaithe chomh maith go nascfaidh an CII le saoráidí rothaíochta beartaithe ar Shráid Eoin Íochtarach agus Cearnóg an Chnapaigh chun slí sráide ciúine mhalartach a chur ar fáil ar an taobh thiar den N20.

Chun na feabhsuithe sin ar iompar inbhuanaithe a éascú, tá sé beartaithe go dteastódh tógáil talún ag na neas-suíomhanna seo a leanas:

- Tailte réadmhaoine príobháideacha ar Shiúlán na hArdeaglaise;
- Tailte ó thaobh thuaidh Chúirt an Úlloird;
- Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe agus
- ailte réadmhaoine príobháideacha feadh an N20.

Nascfar an CII leis na hoibreacha atá á ndéanamh faoi láthair mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin.

Taispeántar fairsinge tháscach na tógála talún sin ar na líníochtaí a thaispeántar in Aguisín an bhróisiúir seo.

### Feabhsuithe atá Beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht Coisithe/ Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| N20/Siúlán na hArdeaglaise | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |
| N20/Sráid Liatroma | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |

## 4.6 Príomhathruithe ón mBealach Tosaíochta a foilsíodh i mí an Mhárta 2023

- Ní áirítear an geata bus a bhí beartaithe roimhe seo ar Shráid Bhaile Átha Cliath ag Lána an Tobair leis an dearadh reatha, agus cuireadh bearta tosaíochta aonair ina áit chun srian a chur ar gníomhaíochtaí tráchta neamh-áitiúla, agus ag ligean do gach rochtain áitiúil ag an am céanna. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an geata bus sin amach anseo, ag brath ar na méideanna tráchta agus ar an mbrú tráchta amach anseo.
- Ní áirítear na geataí bus a bhí beartaithe roimhe seo ar an taobh theas de Bhóthar Chúrsa an Uisce leis an dearadh reatha, agus cuireadh srianta rochtana tráchta ina n-áit ar Shiúlán na hArdaglaise.
- Athruithe ar chumraíochtaí lána ar an N20 agus Siúlán na hArdeaglaise chun cead bealaigh a thabhairt do bhusanna agus rothair.
- Rotharbhealach ar leataobh ón trácht trí Chúirt an Úlloird a chur leis.


## 4.7 Príomhfhíricí

| | |
|---|---|
| Neas-líon na réadmhaoine a bhféadfadh dul i gcion orthu: | **5** |
| Neas-líon na spásanna páirceála ar an tsráid a d'fhéadfaí a bhaint: | **16** |
| Neas-líon na gcrann cois bóthair a d'fhéadfaí a bhaint: | **19** |
| Neasachar bealaigh: | **2.2km** |
| Neasachar rotharbhealaigh:<br>Isteach 1.5KM (Rian Rothar Scartha 1.0 KM + 0.5 KM Sráid chiúin)<br>Amach 1.7KM (Rian Rothar Scartha 1.2KM + 0.5 KM Sráid chiúin) | **3.2km**<br>**1.5km**<br>**1.7km** |

# 5. Aguisíní


## 5.1 Léarscáileanna Innéacs
## 5.2 Léarscáileanna Bealaigh










TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach Roghnaithe Éiritheach a léirítear ar na líníochtaí seo a leanas ach léiriú táscach agus tá sé faoi réir athruithe tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.


LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
BROTHERS DELANEY ROAD
POPHAM'S ROAD
REDFORGE ROAD
DUBLIN HILL LOWER
DUBLIN STREET
COMPLIMENTARY MEASURES TO BE INTRODUCED ON DUBLIN HILL TO REDUCE VOLUME OF THROUGH TRAFFIC
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING PARKING TO BECOME BUS STAND
ADDITIONAL LAND TAKE AND LANE PROVISION TO BE DETERMINED FOLLOWING MODELLING.
NEW BUS STOP LOCATION
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY - JUNCTION CONTROL TO BE CONFIRMED FOLLOWING MODELLING
OFFLINE CYCLE TRACK LEADING TO QUIET STREET
PROPOSED NEW TREES / VEGETATION TO REPLACE TREE LOSS DURING CONSTRUCTION OF CYCLE PATH
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
PARKING BAYS REALIGNED
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH



CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
OFFLINE CYCLE TRACK LEADING TO QUIET STREET
PROPOSED NEW TREES / VEGETATION TO REPLACE TREE LOSS DURING CONSTRUCTION OF CYCLE PATH
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
PARKING BAYS REALIGNED
DUBLIN STREET
CROSS LANE
SPRING LANE
BUS GATE MAY BE REQUIRED IN THE FUTURE, DEPENDING ON FUTURE TRAFFIC MOVEMENTS AND VOLUMES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PROPOSED FILTERED PERMEABILITY MEASURE ON SPRING LANE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT PEDESTRIANS AND BICYCLES LOCATION TO BE CONFIRMED
QUIET STREET
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
N20 NORTH CITY LINK ROAD
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
1.5m FOOTPATH
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
1.5m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
N
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TOUCAN CROSSING
N20 NORTH CITY LINK ROAD
QUIET STREET
ORCHARD COURT
PARKING RETAINED ON EASTERN SIDE OF THOMAS DAVIS STREET.
THOMAS DAVIS STREET
COMMONS ROAD
NEW "PARALLEL CROSSING" FOR CYCLISTS AND PEDESTRIANS
HEYLANDS LANE
POTENTIAL PUBLIC REALM ENHANCEMENT TO BE CONSIDERED AT NEXT DESIGN STAGE
FARRAN CLEARY PLACE
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.0m FOOTPATH







The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.



CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
POTENTIAL PUBLIC REALM ENHANCEMENT TO BE CONSIDERED AT NEXT DESIGN STAGE
NEW BUS STOP LOCATION
NEW BUS STOP LOCATION
CORKERAN'S QUAY
BERWICK LANE
WATERCOURSE ROAD
N20 NORTH CITY LINK ROAD
MADDEN'S LANE
MADDEN'S LANE
EXISTING STRAIGHT AHEAD BAN RETAINED
EXISTING LEFT TURN BAN RETAINED
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
1.5m FOOTPATH
1.5m CYCLE TRACK
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
1.5m FOOTPATH








The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
EXISTING LEFT TURN BAN RETAINED
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP LOCATION
GREAT WILLIAM O'BRIEN STREET
WATERCOURSE ROAD
O'CONNELL STREET
Hollyhill to City Sustainable Transport Corridor D
PROPOSED SCHEME
PROPOSED SCHEME
Existing Road Layout Maintained
N20 NORTH CITY LINK ROAD
BLEASBY'S STREET
GERALD GRIFFIN STREET
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
WATERCOURSE ROAD
POPE'S ROAD
ALLINETT'S LANE
SUNDAY SCHOOL LANE
Local Government Building
ASSUMPTION ROAD
POPE'S ROAD
RATHMORE ROAD
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.1m ON-STREET PARKING
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.1m ON-STREET PARKING
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
ALLINETT'S LANE
Existing Road Layout Maintained
PROPOSED SCHEME
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
HILLGROVE LANE
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
N20 NORTH CITY LINK ROAD
BUS LANE AS PER RECENTLY INSTALLED IMPROVEMENTS BY CORK CITY COUNCIL
EXCEPT BUSES AND BICYCLES
CATHEDRAL WALK
PROPOSED SCHEME
Knapps Square and Lower John Street Scheme
EXCEPT BUSES AND BICYCLES
CATHEDRAL WALK
SHANDON COURT
GOLDSMITHS AVENUE
SARSFIELD'S TERRACE
RATHMORE TERRACE
RATHMORE PLACE
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
1.5m - 2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
CHAPEL HILL
EASON'S HILL
CARROLL'S HILL
ROMAN STREET
JOHN STREET UPPER
N20 NORTH CITY LINK ROAD
LEITRIM STREET
RICHMOND HILL
Termont House
School
Saint Angela's College
PROPOSED SCHEME
MacCurtain Street Public Transport Improvement Scheme
N
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
1.5m - 2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
JOHN REDMOND STREET
DOMINICK STREET
CAMDEN VILLAS
MULGRAVE ROAD
Knapps Square and Lower John Street Scheme
PROPOSED SCHEME
MacCurtain Street Public Transport Improvement Scheme
DEVONSHIRE STREET
N20 NORTH CITY LINK ROAD
PINE STREET
LEITRIM STREET
HARDWICK STREET
SAINT PATRICK'S HILL
COBURG STREET
BRIDGE STREET
CAMDEN PLACE
CAMDEN QUAY
Hollyhill to City Sustainable Transport Corridor D
Tie in to existing
EXISTING STRAIGHT AHEAD BAN RETAINED
Saint Mary's Dominican Church
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTWAY
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m FOOTWAY


LEGEND:
LOCAL NETWORK ROUTE
THROUGH TRAFFIC ROUTE
PROPOSED SIGNALISED PEDESTRIAN CROSSING (INDICATIVE LOCATION)
DIRECTIONAL CHANGE
UPPER DUBLIN HILL TO JOIN WITH LOWER DUBLIN HILL
CHANGE PRIORITIES
INSERT A
PEDESTRIAN CROSSING
Dublin Hill Lower
DIRECTIONAL CHANGE
BALLYHOOLY ROAD
BALLYHOOLY ROAD TO JOIN WITH LOWER DUBLIN HILL
CHANGE PRIORITIES
INSERT B
Kinvara Close
Ballincollie Road
LOCAL NETWORK ROUTE
Dublin Hill Upper
Kinvara Park
BALLYVOLANE NEW ROAD
THROUGH TRAFFIC ROUTE
Thorndale
BRIDGE HEIGHT WARNING WITH ADDITIONAL RESTRICTIONS ON VEHICLE SIZE
Long Lane
Glenthorn Road
Dublin Hill Middle
Hawthorn Estate
Millfield Lawn
Delaney Park
Delaney Park
SPRING LANE
INSERT A (INDICATIVE LAYOUT)
INSERT B (INDICATIVE LAYOUT)

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath,
D02 WT20

Oifig Chorcaí an ÚNI,
Svuít 427
1 Cé Uí Argáin, Cearnóg Éadan le hUisce,
Corcaigh
T23 PPT8

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éirean
Project Ireland
2040